Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11439/22**
**ADD 1**

**RECH 447**
**COASI 113**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Nua-Shéalainn le haghaidh Comhaontú maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas na Nua-Shéalainne le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) |

**TREORACHA MAIDIR LE CAIBIDLÍOCHT A DHÉANAMH AR CHOMHAONTÚ IDIR an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas na Nua-Shéalainne le Fís Eorpach**

1. Leis an gcomhaontú ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne in aon chlár de chuid an Aontais. Déanfar an méid seo a leanas leis an gcomhaontú:

   (a) go n-áirithítear leis an gcomhaontú sin cothromaíocht chóir idir ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá páirteach i gcláir an Aontais;

   (b) leagfar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i cláir an Aontais, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le gach clár aonair, agus na costais riaracháin a bhaineann leo. Ioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 21 (5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí sin[1];

   (c) ní thabharfar leis cumhacht chinnteoireachta don tríú tír i leith chláir an Aontais;

   (d) rathófar cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

2. Leis an gcomhaontú, ba cheart foráil a dhéanamh, i dtaca le comhlachais a d’fhéadfadh an Nua-Shéalainn a dhéanamh amach anseo le cláir eile de chuid an Aontais, gur cheart iad a bheith i bhfoirm prótacal aonair a ghabhann leis an gcomhaontú. Ba cheart do chomhlacht arna bhunú faoin gcomhaontú na prótacail sin a ghlacadh. Ba cheart go leagfaí síos leis an gcomhaontú sin na prionsabail ghinearálta is ábhartha maidir le rannpháirtíocht, le haon chlár de chuid an Aontais.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Ba cheart foráil a dhéanamh sa phrótacal maidir le rannpháirtíocht i Fís Eorpach maidir le téarmaí agus coinníollacha sonracha a bhaineann le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gColún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' den chlár Fís Eorpach - An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle[3] agus aon riail eile a bhaineann le cur chun feidhme an Chláir.

4. Leis an gcomhaontú, ba cheart leibhéal na ranníocaíochta airgeadais is iníoctha ag an Nua-Shéalainn le buiséad ginearálta an Aontais a chinneadh.

5. Leis an gcomhaontú ba cheart a fhoráil go mbeidh stádas breathnóra ag an Nua-Shéalainn i gCoiste Chlár Fís Eorpach de réir raon feidhme chomhlachas na Nua-Shéalainne leis an gClár (gan bheith amhlaidh ach amháin do chumraíochtaí Choiste an Chláir a bhfuil baint acu le cur chun feidhme Cholún II).

6. Leis an bprótacal a ghabhann leis maidir leis an rannpháirtíocht i gclár Fís Eorpach, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le clásal cómhalartachta lena n-áiritheofar rannpháirtíocht chómhalartach na n-eintiteas dlítheanach arna mbunú san Aontas i gcláir na Nua-Shéalainne atá coibhéiseach le Colún II den chlár Fís Eorpach, a mhéid is féidir.

6a. Ba cheart don phrótacal maidir le rannpháirtíocht i Fís Eorpach na forálacha ábhartha de chuid Fís Eorpach a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais a chosaint.

6b. Ba cheart don chomhaontú luachanna agus prionsabail bhunúsacha chomhroinnte a chur chun cinn, lena n-áirítear sa chomhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht.

---

[2] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

[3] Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO AE L 167 I, 12.5.2021, lch. 1).

7. Leis an gcomhaontú ba cheart rialacha a leagan amach maidir le bainistíocht fhónta airgeadais i ndáil le cistiú ón Aontas. Go sonrach, ba cheart foráil a dhéanamh, leis an gcomhaontú, maidir le cosaint leormhaith a thabhairt do leas airgeadais an Aontais, lena n-áirítear neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur agus airgead a aisghabháil. Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair. Féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') cionta coiriúla i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

8. Ba cheart don Choimisiún, le linn na caibidlíochta, measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le clásal a áireamh i dtaca le cur i bhfeidhm sealadach lena ngabhfadh éifeacht chúlghabhálach.

9. Ba cheart don chomhaontú a bheith i gcomhréir le beartais ghaolmhara agus cuspóirí gaolmhara an Aontais.